# Cúpla Focal

## Anna Parnell i gCoillte Clochair

**By le Proinn Ó Duigneáin**
editorial@leitrimpost.com

Bhí an-tionchur ag Conradh Talún na mBan (The Ladies' Land League) ar fud na tire agus níorbh aon eisceacht é an contae seo ina chur chun cinn. Seans gurbh é seo an chéad uair riamh i stair na hEoraipe gur ghlac na mná cumhacht chucu féin tré dul i gceannas ar cheann dena gluaiseachtaí polaitiúla ba thábhachtaí agus ba éifeachtaí i dtír ar bith. Agus ní hé go raibh siad in ainm a bheith i gceannas ar an ngluaiseacht seo. Dáiríre, thar thréimhse dhá bhliana nó mar sin d'éirigh leo polasaithe an chonartha a chur i bhfeidhm go forleathan. D'éirigh thar barr leo maidir le teacht i gcabhair ar dhaoine a díshealbhaíodh agus a fágadh ar an ngannchuid.

Is í an duine is mó a luaitear le Conradh Talún na mBan ná Anna Parnell deirfiúr Charles Stewart. Ba í an duine ba thábhachtaigh i ngluaiseacht na talún 1881-82 í, sé sin le linn na tréimhse sin a raibh cuid mhaith dena ceannairí fir i bpríosún. Ar na mná eile a chaith a nduthracht lena gcearta a bhaint amach do thionóntaí bhí Fanny Parnell, deirfiúr Anna, Jennie Wyse Power, an file Katharine Tynan agus Margaret Anna Cusack nó The Nun of Kenmare mar ab'fhearr aithne uirthi.

### Choirnéil Tottenahm

Ba chorrach an bhliain é 1881 thart ar Ghleann Fearna agus Coillte Clochair. Cuireadh cuid mhaith dena tionóntai ar eastát an Choirnéil Tottenahm as seilbh an bhliain sin. Ar an Satharn 2 Meitheamh thug Anna Parnell féin cuairt ar an gceantar seo. Thúirling sí den traein ó Inis Ceithleann ag stáisiún Ghleann Fearna áit a raibh slua mór ban ag fanacht léi, ina measc Annie McHugh agus Annie Keaney, uachtarán agus rúnai an bhrainse áitiúil. Léadh óráid fáiltithe agus thug Anna aghaidh ar Choillte Clochair.

Léadh óráid fáiltithe arís agus bhí ainmneacha na mban seo leanas leis; Bridget Meehan, Uachtarán, Mary McGurrin, Rúnaí, Bridget McGrath, Bridget McGowan, Alice Kerr, Bridget McMorrow agus Mrs McGriskin. D'fhan sí tigh Bredin an oíche sin agus ar maidin thug bean Phrotastúnach a bhí ina bhall de Chonradh na Talún chuig an séipéal Protastúnach í mar ar fhreastail sí ar sheirbhís an Domhnaigh. Tar éis na seirbhíse, d'fhan sí tamall ag cómhrá leis an ministir, an t-Urramach Scott.

### Theach na Cúirte

Tamall ina dhiaidh sin chuaigh sí suas ar ardán a bhí tógtha ag an gcoiste áitiúil os comhair Theach na Cúirte lena hóráid a dhéanamh. Bhí daoine bailithe i gCoillte Clochair an lá úd ó gach cearn de thuaisceart Liatroma agus de iarthar Fhear Manach. Seo an teachtaireacht a bhí aici do Tottenham, 'he wishes to decide the land question in his own way but I have no hesitation in saying that it must be the people who will decide it and in a way not acceptable to him'.

29 mbliain a bhí Anna Parnell i 1881. Bean chaol, scoth ard le súile gorma ab ea í . An lá sin i gCoillte Clochair bhí gúna dubh gan scléip uirthi. Sa bhliain 1908 tháinig sí ar ais go Liatroim le cabhrú le Charles Dolan i bhfeachtas toghcháin. Scríobh sí litir, atá fíor- thábhachtach ó thaobh stair Chonradh na Talún de, chuig Mary Lennon, (McGurrin roimh pósadh di). Tá an litir seo i seilbh mhuintir McGurrin i gcónaí. Fuair Anna Parnell bás i nDevon Shasana i 1911.

# Stair an ainm Ó Ruairc (O'Rourke)

**Le Proinsias Mag Fhionnaile**
**Aistriú Rossa Ó Snodaigh**

Is iad seo an chlann is tábhachtaí a luaitear le tuaisceart Liatroma. (This is the most important clan belonging to north Leitrim.) Ba thaoisigh cumhachtacha iad sa dúthaigh seo ar feadh na céadta bhliain. (For centuries they were the powerful chiefs of the area.) Bhí Contae Cábhán agus an chuid is mó de Liatroim fé chois acu. (They dominated counties Cavan and most of Leitrim.)

Bhí a cheann cheathrú i nDroim Dhá Thiar agus Tiarnaí Bhreifne a tugadh orthu. (Their headquarters were at Dromahair and they were called 'Lords of Breffny'.) Is ón t-ainm 'Ruarc' ainm (neamh-choitianta) ón t-Iorua, a dtagann an ainm seo. (They derive their name from an old (and rare) Norse first name, 'Ruarc'.) Níorb as an t-Iorua dóibh, ba Éireannaigh iad go smior. (They are, however, not of Norse origin but native Irish.)

### Teitheadh na nIarlaigh

Ón séú céad déag ar aghaidh, de thúisce cóilíniú shasana ar Éireann, a chúisigh teitheadh na nIarlaigh. (From the early 1600s onwards, due to Englands colonisation of Ireland, and the subsequent flight of the Earls.) D'fhág muintir Uí Ruairc a rian ar thíortha ar nós an Ostair, an Fhrainc, An Phólain agus an Rúis. (The O'Rourke's have left their mark in countries such as Austria, France, Poland and Russia.)

I mbeagnach gach chás bhí go dlúth bhaint agus ard chéim acu sa pholaitíocht agus in airmeacha na tíortha seo. (In most cases they were prominent in the political and military life of these countries.)

Bhí séiplíneach ag mhuintir Uí Ruairc sa chúirt Ostaireach. (The Austrian court had an O'Rourke chaplain.) Sa seachtú cead déag chuidigh an Cunta Iosif Kornilievich Ó Ruairc Napoléon a bhrú amach as an Rúis. (In the 1700s, Count Iosif Kornilievich O'Rourke helped to push Napoleon out of Russia.) Ba de shliocht Uí Ruairc í Cuntaois Tarnovska a rugadh sa Chiabh sa Úcráin. (Countess Tarnovska who was born in Kiev, Ukraine was an O'Rourke.)

As na sloinntí Éireannacha uilig d'fhéadfaí a rá gur fhág Uí Ruairc an rian is láidre ar ar fud na heorpa ná aon sloine eile. (Of all Irish surnames, O'Rourke has probably left its mark more strongly throughout Europe than any other.) Tá mórán len sloinne fós le fáil sa Phólan agus sa Rúis, áit a bhfaighfaidh tú é scríobhta sa teanga slábhach mar seo: O'Pypk and Pypk. Tá fuaim R ag an 'P' in a dteanga. (Many with the surname can still be found in Poland and Russia where it is written in the Slavic language as O'Pypk and Pypk. The 'P' in their Language is pronounced R.)

### Tighearnán

Litrítear sa bhéarla é mar seo a leanas Rourke, Roorke, Roarke, O'Roarke agus fiú Rooke. (There are a few variant spellings for this name including, Rourke, Roorke, Roarke, O'Roarke and even Rooke.) Sén bhfoirm is coitianta ná O'Rourke. (The most common form is O'Rourke.) Sén ainm is coitianta ná Tighearnán nó an litriú nua Tiarnán nó sa bhéarla Tiernan. (The most common first name among them was Tighearnán, or in modern Irish Tiarnán. The English form is Tiernan.) Tugadh Tighearnán ar 19 thiarna de shliocht Uí Ruairc agus ba é an té is cháiliúla nán tiarna Tighearnán Ó Ruairc a fuair bás in 1172TC. (19 of the O'Rourke chieftains were called Tighearnán. The most noted being Tighearnán Ó Ruairc who died in 1172 AD.)

# Quiz na Cásca

1 ● **Cén fhad a mhair an coga cead bhliain**
*How long did the Hundred Years War last?*
***116 bliain**/116 years*

2 ● **Cá ndeintear caipíní Phanama**
*Which country makes Panama hats?*
**Ecuadór/Ecuador*

3 ● **Cioca ainmhí as a dtagan putóg chait**
*From which animal do we get cat gut?*
***Caoire agus Capaill** / Sheep and Horses*

4 ● **Cén mhí a ndeineann na Rúisigh ceiliúradh ar Réabhlóid an Deireadh Fomhair**
*In which month do Russians celebrate the October Revolution?*
***Mí na Samhana**/November*

5 ● **Cad as a ndeintear scuab ghruaig an chamaill**
*What is a camel's hair brush made of?*
***Fionnadh Iorra Rua**/Squirrel fur*

6 ● **Ainmníiter na hOileáin Canáracha in dhiadh cioca ainmhí**
*The Canary Islands in the Pacific are named after what animal?*
***Madraí**/Dogs*

7 ● **Cén t-ainm a bhí ag Rí Sheoirse a VI**
*What was King George VI's first name?*
**Albert*

8 ● **Cén dath atá an ghlasán corcra**
*What color is a purple finch?*
***Corcradhearg** / Crimson*

9 ● **Cad as Spionáin na Síne**
*Where are Chinese gooseberries from?*
***An Nua Shéalainn**/ New Zealand*

10) **Caidé dath an bhosca dubh in eitleáin?**
*What is the color of the black box in a commercial airplane?*
***Oráiste** / Orange*

# 1.65 milliún cainteoirí Gaeilge









**CLOCKWISE FROM TOP LEFT: Fiachna Ó Braonáin (hot house flowers), Donncha Ó Duailing, Cathal Ó Searcaigh and Tony Greagory.**